# Treoirlínte don Churaclam don Oideachas Speisialta


cuinne

Aithníonn an Curaclam don Oideachas Reiligiúnach ginearálta, na deiseanna foghlama ábhartha atá feiliúnach do pháistí a bhfuil míchumas foghlama ginearálta éadrom acu. Meastar, áfach, go nglacfaidh múinteoirí páirt i bpróiséas pleanála agus go ndéanfaidh siad treoirlínte an churaclaim a chur in oiriúint le go ndíreofaí ar eagsúlacht chumais agus spéise na ndaltaí. Tá seans maith go nglacfaidh siad an dearcadh céanna atá acu i leith ábhair eile an churaclaim.

Tá grúpa daltaí – iad siúd le riachtanais speisialta oideachais íosmhiniciúochta-páistí le míchumais foghlama measartha, dian agus tromchúiseach ina measc agus a bhfuil riachtanais foghlama faoi leith acu. Tá an curaclam don Oideachas Reiligiúnach speisialta dírithe ar riachtanais na ndaltaí seo.

Déileálann na treoirlínte seo le cleachtais fhiúntacha reiligiúnacha do dhaoine óga ag bonnchéim a gcuid oideachais. Is féidir le riachtanais na ndaltaí seo a bheith ilchineálach, casta. Tá sé riachtanach go dtabharfaí spreagadh do na páistí rannpháirtíocht ghníomhach a bheith acu sa phróiseas foghlama.

Is do mhúinteoirí daltaí le mion-mhíchumais ghinearálta foghlama, le meán-mhíchumais ghinearálta foghlama agus le dian-mhíchumais agus trom-mhíchumais ghinearálta foghlama iad Treoirlínte an Churaclaim (CNCM, 2007) agus soláthraíonn siad stráitéisí spéisiúla gur féidir le múinteoirí úsáid a bhaint astu agus iad ag obair leis na daltaí seo. In aidhmeanna an CNCM moltar gur chóir go mbeadh cleachtais oideachasúla na ndaltaí seo ar chomchéim leis na cleachtais oideachasúla atá ag a gcomhleacaithe agus spreagtar múinteoirí chun pleanáil a dhéanamh agus pointe iontrála feiliúnach a fháil do gach dalta. Is féidir le múinteoirí athchuairt a thabhairt ar théamaí éagsúla agus réimse ábhar atá difriúil agus feiliúnach d'aois agus d'aibíocht na ndaltaí is sine.

Ag leanúint an leagan amach atá *i gCuraclam an CNCM* tá an t-ábhar leagtha amach i dtrí cinn de bhandaí leathana (CNCM, 2007 5):

| | | |
|---|---|---|
| **I Láthair**<br>Díríonn an banda 'I Láthair' ar dhaltaí atá ag céim an-luath feasachta maidir lena ngarthimpeallacht. | **Ag Freagairt**<br>Díríonn an banda 'Ag Freagairt' ar dhaltaí atá ag cur spéise ina dtimpeallacht, ach atá fós ag brath ar leideanna ó dhaoine fásta chun tús a chur le gníomhaíochtaí agus le cumarsáid. | **Tús a Chur**<br>Díríonn an banda 'Tús a Chur' ar dhaltaí atá ag tosú ar smacht a fháil ar a dtimpeallacht, a léiríonn fiosracht, agus a chuireann tús le gníomhaíochtaí agus le cumarsáid. |

Tá na bandaí seo leagtha amach chun creatlach a thabhairt do mhúinteoirí an leibhéal cumais atá ag daoine óga a aithint agus gníomhaíochtaí foghlama a dhearadh a bheidh dírithe, go sonrach, ar chumas an dalta.

Ba chóir go mbeadh ar chumas múinteoirí ábhar aoisoiriúnach a thógáil san áireamh agus iad i mbun pleanála ábhar agus acmhainní.

Cé go bhfuil riachtanais foghlama casta ag na daltaí seo, tá sé tábhachtach go mbeadh na deiseanna céanna acu eolas a fháil ar an oideachas reiligiúnach agus atá ag a gcomhpháirtithe gan míchumas.
Bíonn daltaí ag tús a gcuid foghlama ag déanamh fiosrú ar an reiligiún i gcomhthéacs daoine speisialta, leabhair, tráthanna, áiteanna agus rudaí agus trí cuairt a thabhairt ar an séipéal áitiúil.

Éisteoidh siad le meascán de scéalta reiligiúnacha agus déanfaidh siad plé orthu.
Cuirfear comharthaí reiligiúnacha, siombail agus focail os a gcomhair. Glacfaidh siad páirt i gceiliúradh agus i gcleachtais reiligiúnacha. Is féidir leo machnamh a dhéanamh ar iontais dhomhan Dé.

## Pleanáil Churaclaim

Meabhraítear do scoileanna sa réamhrá de *Churaclam na Bunscoile* (CNCM, 1999) go bhfuil próiséas machnamhach, féin-athbhreithnithe agus nuálaíochta leanúnach riachtanach le go dtabharfaí deis do gach dalta an caighdeán is airde a bhaint amach, go háirithe iad siúd le riachtanais speisialta oideachais. Tá riachtanais faoi leith ag a lán daltaí le RSO. Tugann an t-oideachas Reiligiúnach deiseanna do mhúinteoirí ceachtanna ar leith a dhearadh agus tugann an t-ábhar é féin a lán deiseanna chun páirt a ghlacadh i gníomhaíochtaí mar chuid de ghrúpa.

**Ag Roghnú agus ag Úsáid Acmhainní**
Tá sé tábhachtach go mbaileoidh an múinteoir le chéile réimse ábhar agus earraí do na ceachtanna. Roghnaítear iad seo chun:

- Spéis a mhúscailt
- Pléisiúr a dhúiseacht
- Fiosracht agus ionadh a spreagadh
- Cleachtais taitneamhacha a sholáthar
- Deiseanna cumarsáide a sholáthar
- Feasacht ar roinnt le daoine eile a spreagadh
- Deiseanna a sholáthar chun na rudaí maithe a thug Dia dúinn chun taitneamh a bhaint as an domhan a fhiosrú.

Cabhraíonn na ceachtanna leis na páistí tuiscint a fháil ar áilleacht an domhain agus go bhfuil sé ar fáil dóibh chun taitneamh a bhaint as. Cabhraítear leo, dá bhrí sin, boladh de na bláthanna, na spíosraí agus a lán bolaithe éagsúla a bhlaiseadh. Cabhraítear leo lámh a leagan ar rudaí le huigeacht éagsúil. Cabhraítear leo breathnú ar rudaí le dathanna éagsúla. Cabhraítear leo tuiscint a fháil ar an mbaint atá ag dathanna agus ag rudaí faoi leith le hócáidí agus le féilte i rith na bliana. Tugtar deiseanna do na páistí éisteacht le ceol, le fuaimeanna éagsúla agus freagra a thabhairt orthu. Cothaigh mothú pléisiúrtha agus gliondair i measc na ndaltaí i leith na háilleachta atá mórthimpeall orthu sa domhan.

Tugtar teachtaireacht an-soiléir do na páistí sna ceachtanna gur thug Dia a lán rudaí deasa dúinn ar an domhan seo agus go bhfuil sé ag iarraidh go mbainfimid taitneamh astu. Thug sé na rudaí seo dúinn de bhrí go bhfuil grá aige dúinn agus tá sé ag iarraidh go mbeimid sona.

Tabhair deiseanna do na páistí rudaí a bhaineann le hadhradh a fheiceáil -rudaí ar nós coinnle, éadach altóra, an chrois chéasta agus túis. Cabhraítear leo, freisin, tuiscint go dtagann an chuid is mó de na scéalta a léitear dóibh as an mBíobla. Tugtar áit speisialta do na rudaí seo sa seomra ranga agus cabhraítear leis na páistí meas agus urraim a léiriú dóibh.

Cuirtear eochairfhocail agus samhlaíocht a chuireann síos ar Dhia i láthair na bpáistí le caint, comhartha, siombal agus gothaí. Tugtar deiseanna do na daltaí éisteacht le agus páirt a ghlacadh i scéalta a léiríonn grá Dé dóibh.

**Ag Teacht le Chéile chun Adhradh a Dhéanamh**
Spreagtar na páistí chun taithí a fháil ar bhealaí difriúla chun adhradh a dhéanamh i gcomhthéacs oideachasúil. Ba chóir go mbainfí úsáid as tionóil ranga nó tionóil scoile chun an aidhm seo a bhaint amach. Ba chóir go n-éascófaí cuairteanna rialta a thabhairt ar an séipéal. Is féidir urnaí agus adhradh a dhéanamh ar a lán bealaí éagsúla: machnamh, éisteacht le briathar Dé, ag tabhairt molta, ag rá go bhfuil brón orthu, urnaí trí mheán na drámaíochta, an damhsa, gluaiseachta agus na hamhránaíochta. Nuair a bhaintear úsáide ar bhonn rialta as bealaí éagsúla chun adhradh a dhéanamh cothaítear eispéireas fiúntach, spioradálta do na páistí.

## An Creideamh Críostaí

**Aidhmeanna**
Beidh ar chumas na bpáistí:
- Feasacht a fháil ar láithreacht Dé
- Feasacht a fhorbairt ar Dhia mar chruthaitheoir an uile ní
- Fios a bheith acu gur ó Dhia a thagann gach rud atá go maith
- Fios a bheith acu go bhfuil grá ag Dia dúinn agus go bhfuil sé ag iarraidh go mbeimid sona
- Feasacht a bheith acu gurb í Muire máthair Íosa
- Feasacht a fhorbart ar na bealaí gur féidir linn onóir a thabhairt do Mhuire
- Eolas ar Íosa mar Mhac Dé a fhorbairt.

| **I Láthair** Beidh ar chumas an pháiste: | **Ag Freagairt** Beidh ar chumas an pháiste: | **Tús a Chur** Beidh ar chumas an pháiste: |
|---|---|---|
| • Éisteacht le scéalta faoi Dhia agus faoi Íosa.<br><br>• Freastal ar réimse de rudaí áille. | • Spéis a léiriú agus freagairt do na scéalta faoi Dhia agus Íosa.<br><br>• Freagra cuí a thabhairt ar réimse de rudaí áille ina dtimpeallacht féin. | • Labhairt faoi Dhia agus faoi Íosa.<br><br>• Buíochas a ghabháil le Dia as na rudaí áille ar fad inár dtimpeallacht. |

| | | |
|---|---|---|
| • Éisteacht le scéalta a léiríonn grá Dé do chách.<br><br>• Éisteacht le scéalta faoi Mhuire máthair Íosa<br><br>• A bheith páirteach in urnaí agus iomainn do Dhia, d'Íosa agus do Mhuire. | • Feasacht a léiriú ar ghrá Dé do chách.<br><br>• Spéis a léiriú i scéalta faoi Mhuire máthair Íosa.<br><br>• Páirt a ghlacadh in urnaí agus amhránaíocht do Dhia, do Mhuire agus d'Íosa. | • Na bealaí a léiríonn Dia a ghrá dúinn a chur in iúl.<br><br>• Labhairt faoi Mhuire, máthair Íosa.<br><br>• Bealaí a lorg chun Dia, Íosa agus Muire a mholadh trí urnaí agus trí amhráin. |

## Briathar Dé

**Aidhmeanna**

Beidh ar chumas na bpáistí:

- Feasacht a fháil ar an mBíobla mar leabhar speisialta faoi Dhia
- Feasacht a fhorbairt ar an mBíobla mar leabhar ina bhfuil scríbhínní faoi Dhia
- Braisint de ghrá Dé a fhorbairt trí bheith ag éisteacht le sleachta ón mBíobla
- Urraim a bheith acu don Bhíobla mar Bhriathar Dé
- A thuiscint gur é Íosa, Aon Mhac Dé, an duine is tábhachtaí sa Bhíobla.

| **I Láthair**<br>Beidh ar chumas an pháiste: | **Ag Freagairt**<br>Beidh ar chumas an pháiste: | **Tús a Chur**<br>Beidh ar chumas an pháiste: |
|---|---|---|
| • Éisteacht le scéalta/téacsanna ón mBíobla.<br><br>• Éisteacht le scéalta/téacsanna gearra ó Bhíobla na bpáistí agus na hiarmhairtí céadfacha a bhaineann leo a fhiosrú. | • Éisteacht le hiarmhairtí céadfacha agus le scéalta/téacsanna ón mBíobla.agus spéis a léiriú iontu.<br><br>• Páirt a ghlacadh i ndrámaí simplí agus tobchumadóireacht bunaithe ar scéalta agus téacsanna ón mBíobla. | • Scéalta/téacsanna ón mBíobla a lorg trí na hiarmhairtí céadfacha cuí a aimsiú, go neamhspleách.<br><br>• Snáithe scéil i scéalta/téacsanna áirithe ón mBíobla a leanúint agus páirt a ghlacadh iontu. |

**Téacsanna ón mBíobla a Mholtar**

- Teachtaireacht an Aingil
- An Turas go Beithil
- Breith Íosa
- Na hAoirí
- Tugann na Saoithe bronntanais
- An Suipéar Déanach
- Scéal Chruthú an Domhain
- Ciúnaíonn Íosa an Fharraige
- Scéal an Aráin agus na hÉisc
- Iníon Iáras
- Féasta na Bainise i gCána
- Tá grá ag Íosa do pháistí
- An Pháis
- An Céasadh
- An tAiséirí
- An Chincís



## Liotúirge agus Urnaí

Sa snáithe seo beidh na daltaí ag breathnú ar na bealaí a ndéantar an creideamh a cheiliúradh agus na leaganacha éagsúla ina ndéantar é.
Déanfaidh siad liotúirgí éagsúla agus sacraimintí éagsúla a fhiosrú. Foghlaimeoidh siad faoin tábhacht a bhaineann leis na hócáidí cheiliúrtha/deasghnátha seo do chreidmheacha.

**Aidhmeanna**

Beidh ar chumas na bpáistí:

- Foghlaim conas urnaí a dhéanamh.
- Taithí a fháil ar roinnt cheiliúradh Críostaí
- Taithí a fháil ar a bheith i séipéal
- Ceangal céadfach a dhéanamh le hócáidí cheiliúrtha faoi leith
- Éisteacht le roinnt scéalta ón mBíobla a bhaineann le ceiliúradh agus le hócáidí Críostaí agus iad a fhiosrú
- Deiseanna a thabhairt dóibh rudaí a bhaineann le hurnaí agus ceiliúradh a fheiceáil agus seans a thabhairt dóibh lámh a leagan orthu
- Taithí ar urnaí (foirmeálta agus neamhfhoirmeálta) a fhorbairt
- Cleachtadh a fháil ar an mbrí atá le ‘tá brón orm’ a rá le Dia agus le hÍosa
- Páirt a ghlacadh i Sacraimint na hAithrí
- Páirt a ghlacadh i Sacraimint na hEocairiste
- Páirt a ghlacadh i Sacraimint an Chóineartaithe.

| **I Láthair**<br>Beidh ar chumas an pháiste: | **Ag Freagairt**<br>Beidh ar chumas an pháiste: | **Tús a Chur**<br>Beidh ar chumas an pháiste: |
|---|---|---|
| • Feasacht a fhorbairt ar rudaí a bhfuil tábhacht reiligiúnach ag baint leo: m.sh. coinneal, an chrois chéasta, túis. | • Na rudaí a bhfuil tábhacht reiligiúnach ag baint leo a thaispeáint agus a aithint: coinneal, an chrois chéasta, túis. | • Rudaí reiligiúnacha a láimhseáil le haire agus le hurraim: an chrois chéasta, coinneal baiste, an Bíobla do pháistí. |
| • Feasacht a fháil ar bholaithe, ar fhuaimeanna agus ar radharcanna a bhfuil baint acu le hócáidí cheiliúrtha éagsúla i rith na bliana. | • Suim a léiriú i mbolaithe, i bhfuaimeanna agus i radharcanna a bhfuil baint acu le ceiliúradh éagsúla i rith na bliana. | • Bolaithe, fuaimeanna agus radharcanna a bhfuil baint acu le féilte reiligiúnacha faoi leith agus le hócáidí cheiliúrtha i rith na bliana a aithint. |
| • Suntas a thabhairt do shaol nua i bhfás na mbláthanna, na nduilleog nua agus i mbreith naíonán nua. | • Freagra a thabhairt agus feasacht a léiriú faoi chomharthaí den bheatha nua sa timpeallacht. | • Fiosracht maidir le comharthaí den bheatha nua sa timpeallacht a aithint. |
| • Na hathruithe a tharlaíonn i rith na bliana ina dtimpeallacht féin a thabhairt faoi deara. | • Feasacht a léiriú i leith na n-athruithe a tharlaíonn sa seomra ranga agus taobh amuigh dó i rith na scoilbhliana. | • Cur síos a dhéanamh go neamhspleách ar na hathruithe atá ag tarlú sa timpeallacht. |
| • Feasacht a fhorbairt ar an gcumhacht atá acu scéalta, urnaí agus amhráin a roghnú. | • Paidreacha, scéalta agus amhráin a roghnú le cúnamh agus spreagadh. | • Comhoibriú le duine fásta nó le daltaí eile chun paidreacha a aithris ó bhéal nó le gothaí urnaí. |
| • Feasacht agus tuiscint ar cheiliúradh na Nollag a fhorbairt agus rannpháirtíocht a spreagadh trí charúil Nollag, Féilire na hAidbhinte agus fleasc na hAidbhinte. | • Feasacht i leith rudaí, ceol agus siombail a bhaineann le féilte faoi leith i rith na bliana a fhorbairt: Lá 'le Pádraig, An Cháisc, An Aidbhint. | • Tuiscint go bhfuil brí faoi leith le rudaí, siombail agus ceol ar fhéilte reiligiúnacha agus ar ócáidí faoi leith. |

| | | |
|---|---|---|
| • Feasacht a fhorbairt go mba ócáid an-speisialta í breith Íosa. | • Spéis a léiriú sa scéal faoi bhreith Íosa. | • A bheith in ann an scéal faoi bhreith Íosa a thabhairt chun cuimhne. |
| • Páirt a ghlacadh i ndráma Nollag. | • Páirt a ghlacadh sa dráma Nollag le cúnamh agus le spreagadh. | • An deis a bheith acu páirt agus ról a ghlacadh sa dráma Nollag. |
| • Féachaint ar na deilbh sa mhainséar agus seans a thabhairt dóibh lámh a leagan orthu. | • Na pearsana éagsúla sa mhainséar a aithint le cúnamh. | • A bheith in ann na pearsana sa mhainséar a ainmniú. |
| • Feasacht a fhorbairt ar shéasúr na Nollag mar am chun bronntanais agus cártaí a thabhairt agus a fháil. | • Feasacht a léiriú gur séasúr í an Nollaig chun bronntanais agus cártaí a thabhairt agus a fháil. | • Bronntanais agus cártaí a thabhairt agus a fháil um Nollaig, ar laethanta breithe agus ar Lá na Máithreacha/na n-Aithreacha. |
| • Bianna Nollag a cheannach agus iad a chócaráil, a bhlaiseadh agus a bholú. | • Páirt a ghlacadh i gceannacht bianna don Nollaig agus ansin iad a chócaráil, a bhlaiseadh agus a bholú. | • Bianna éagsúla a chócaráil go neamhspleách nó le cúnamh. |
| • Na deiseanna a bheith acu taithí a fháil ar sholas agus ar dhorchadas. | • Feasacht a léiriú ar a dtuiscint ar sholas agus ar dhorchadas. | • Turgnaimh a dhéanamh le gníomhaíochtaí a chruthaíonn dorchadas agus solas. |
| • Feasacht ar an gCáisc a fhorbairt trí uibheacha Cásca a dhéanamh, crosbhorróga, uainfheoil agus anlann miontais a ithe. | • Feasacht a fhorbairt ar na comharthaí agus na siombail a bhaineann leis an gCáisc: an chrois chéasta, coinneal na Cásca, crosbhorróga. | • Feasacht a léiriú go bhfuil baint ag rudaí faoi leith, ceol agus siombail leis an gCáisc: an chrois chéasta, ubh Chásca nó coinneal na Cásca. |

Treoirlínte Oideachas Speisialta

| | | |
|---|---|---|
| • Taithí a fháil ar 'tá brón orm' a rá le Dia agus le hÍosa. | • Feasacht a fhorbairt gur féidir 'tá brón orm' a rá le Dia trí urnaí agus le hamhráin. | • 'Tá brón orm' a rá le Dia agus le hÍosa go neamhspleách nó le cúnamh. |
| • Íosa a ghlacadh san Eocairist. | • Feasacht a léiriú go bhfuil Íosa i láthair san Eocairist. | • Toilteanas a léiriú Íosa a ghlacadh san Eocairist. |
| • Bronntanais an Spioraid Naoimh a fháil i Sacraimint an Chóineartaithe. | • Spéis a léiriú sna bronntanais a bhaineann le Sacraimint an Chóineartaithe. | • Páirt a ghlacadh in ullmú agus i nglacadh Sacraimint an Chóineartaithe. |

**Paidreacha**
- Comhartha na Croise
- An Gníomh Dóláis
- An Phaidir
- 'S é do bheatha, a Mhuire
- Altú roimh agus tar éis bia
- Urnaí roimh agus tar éis Comaoine

**Nóta**
- Dírigh ar an bhfírice go ndéantar laethanta breithe a cheiliúradh go minic mar bhall den phobal.
- Cabhraigh leis na páistí a thuiscint gur faoi bhreith linbh an-speisialta- Íosa- í an Nollaig.
- Déan ceiliúradh ar éachtaí na bpáistí mar chuid lárnach don scoilbhliain.
- Cuir deiseanna ar fáil do na daltaí a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí grúpa.
- Cabhraigh leis na páistí a thuiscint go bhfuil daoine sa saol a bhfuil grá acu dúinn agus go bhfuil grá ag Dia do chách.

# Moráltacht Chríostaí

**Aidhmeanna**

Beidh ar chumas na bpáistí:

- Ceisteanna a chur agus freagraí a thabhairt ar cheisteanna faoina gcuid mothúcháin agus a dtaithí féin
- Éisteacht le scéalta a tharraingíonn aird ar shuáilcí agus ar luachanna morálta
- Tuiscint ar iompar ceart agus mícheart a fhorbairt
- Fiosrú a dhéanamh ar ghrá neamhchoinníollach Dé
- Féinmheas agus meas ar dhaoine eile a fhorbairt
- Mothúcháin a chur in iúl le focail/geatsaí
- A bheith idirghníomhach le daoine fásta agus le páistí eile
- Tuiscint a fháil go bhfuil sé de cheart ag gach duine 'tá', 'níl' nó 'b'fhéidir' a rá
- Feasacht a bheith acu go mbaineann siad le 'rang' nó le 'grúpa'
- Meas a léiriú ar iarmhais dhaoine eile.

| **I Láthair** Beidh ar chumas an pháiste: | **Ag Freagairt** Beidh ar chumas an pháiste: | **Tús a Chur** Beidh ar chumas an pháiste: |
|---|---|---|
| • Éisteacht le scéalta reiligiúnacha a chuireann béim ar bhraistintí agus ar mhothúcháin dhaoine eile. | • Spéis a léiriú i scéalta a léiríonn mothúcháin agus braistintí éagsúla. | • Meascán braistintí a chur in iúl agus iad a cheangal le suíomhanna inar mhothaigh siad na braistintí seo. |
| • A bheith feasach ar mhothúcháin éagsúla-sonas, grá, áthas, fioscadh, neamhshúilíocht, pian agus eagla agus go míneodh duine fásta na mothúcháin seo dóibh nuair a thagann siad chun solais. | • Réimse braistintí a léiriú mar fhreagra ar eispéireas faoi leith. | • Úsáid a bhaint as teanga chun cur síos ar a gcuid mothúcháin féin agus mothúcháin dhaoine eile i ngnáth shuíomhanna laethúla. |
| • Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí/ cluichí a mbíonn orthu fanacht lena seans a thógáil. | • Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a éilíonn ar gach duine rud éigin a thabhairt agus rud éigin a roinnt. | • aire a thabhairt dá chéile agus a bheith in ann comhoibriú lena chéile. |

| | | |
|---|---|---|
| • A bheith feasach ar bhraistintí dhaoine eile agus a aithint conas a mhothaíonn daoine eile i suíomhanna faoi leith. | • Braistintí a mhothaíonn daoine eile i suíomhanna faoi leith a aithint agus a ainmniú. | • Labhairt faoi mhothúcháin dhaoine eile i suíomhanna faoi leith. |
| • Éisteacht leis an gcur síos a dhéanann daoine agus iad ag tabhairt freagra ar bhraistintí dhaoine eile. | • A bheith feasach ar ghníomhartha a dhéantar agus a mbíonn tionchar acu ar mhothúcháin dhaoine eile. | • A bheith in ann mionathraithe a dhéanamh ar a n-iompar de bharr bhraistintí dhaoine eile agus a bheith in ann leithscéal a ghabháil nuair is gá. |
| • Deiseanna a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus i gcluichí grúpa. | • Úsáid a bhaint as gáire agus bealaí spraíúla i ngníomhaíochtaí taithneamhacha grúpa chun mothúcháin a chur in iúl. | • Tús a chur le hidirghníomhaíochtaí idirphearsanta le daltaí eile agus le daoine fásta. |
| • Éisteacht le scéalta faoi theaghlaigh: an grá agus an aire a bhíonn i dteaghlaigh a aireachtáil. | • A bheith feasach ar an ngrá agus ar an aire a fhaigheann siad óna gclann. | • A bheith in ann cur síos a dhéanamh ar na bealaí a dtugann teaghlaigh aire dá chéile agus ar na bealaí a dtugann siad grá dá cheile. |
| • Éisteacht le scéalta faoi rudaí a tharla do dhaltaí eile agus do dhaoine fásta. | • Spéis a léiriú agus freagra a thabhairt ar tharlúintí i saol na ndaltaí eile. | • A bheith in ann cur síos a dhéanamh ar tharlúintí ina dteaghlaigh: ócáidí speisialta, ceiliúradh, caillteanas agus gnáthaimh. |
| • Éisteacht le scéalta reiligiúnacha a léiríonn cé chomh luachmhar is atá gach duine i súile Dé. | • A bheith feasach ar an ngrá atá ag Dia do chách. | • A bheith in ann cur síos a dhéanamh ar Ghrá Dé do chách. |

| | | |
|---|---|---|
| • Glacadh le moladh agus dearbhú don iarracht a dhéantar: éachtaí a thréaslú.<br><br>• Aird a dhíriú ar réimse de rudaí 'áille', bláthanna, ceol, píosa álainn fabraic agus an fharraige.<br><br>• A bheith feasach ar na rialacha sa scoil agus sa phobal a bhaineann leo féin. | • Deiseanna a ghlacadh chun buanna agus tallanna a léiriú.<br><br>• Freagra a thabhairt ar rudaí áille sa timpeallacht.<br><br>• Rialacha scoile agus pobail cuí a chomhlíonadh. | • Deiseanna a lorg chun buanna speisialta nó éachtaí a léiriú.<br><br>• Aire do phlandaí, ainmhithe agus an timpeallacht.<br><br>• Rialacha scoile agus pobail cuí a chomhlíonadh go neamhspleách. |


Friend Ship Tree
Silhouette